



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0388(NLE)

5383/23
ADD 1

UK 10
ENER 20

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Dréacht MOLADH Ó CHOISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH arna bhunú le hAirteagal 8(1)(l) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile chuig gach Páirtí maidir lena n-iarraí chuig oibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais d'fhonn nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais

DRÉACHT

MOLADH Uimh. .../2023

Ó CHOISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH

**ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 8(1)(L) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA
AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH
DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE
NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE**

an ...

**chuig gach Páirtí maidir lena n- iarrataí chuig oibreoírí córais tarchurtha
i gcomhair leictreachais d'fhonn nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir
le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais**

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE UM FHUINNEAMH,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus go háirithe Airteagal 311(1) agus (2), Airteagal 312(1), Airteagal 317(2) agus (3) de agus Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 8(4), pointe (a), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá sé de chumhacht ag an gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh ('an Coiste Speisialaithe') faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair ina réimse inniúlachta agus feidhmiú ceart an Chomhaontaithe a áirithiú. De bhun Airteagal 8(4), pointe (c), tá sé de chumhacht aige cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le gach ábhar dá bhforáiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair nó dar tharmlig an Chomhairle Comhpháirtíochta a cuid cumhachtaí don Choiste Speisialaithe sin de bhun Airteagal 7(4), pointe (f). De bhun Airteagal 329(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá sé chun moltaí a dhéanamh de réir mar is gá chun cur chun feidhme éifeachtach na gCaibidlí den Teideal VIII den Chomhaontú Trádála agus Comhair dá bhfuil sé freagrach a áirithiú.
- (2) Agus é mar aidhm úsáid éifeachtúil as idirnascairí leictreachais agus bacainní ar thrádáil idir na Páirtithe a laghdú, leagtar síos tiomantais *inter alia* in Airteagal 311(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le leithdháileadh inniúlachta, bainistiú ar phlódú agus ríomh inniúlachta le haghaidh idirnascairí leictreachais, chomh maith le socrúithe a fhorbairt chun torthaí stóinsithe agus éifeachtúla a bhaint amach le haghaidh na gcreataí ama ábhartha uile.

- (3) An 22 Eanáir 2021, sholáthair Ard- Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh agus Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe réamh- mholadh ('an réamh-mholadh') dá n- oibreoírí córais tarchurtha leictreachais ('OCTanna') faoi seach ag iarraidh orthu tús a chur le hullmhú nósanna imeachta teicniúla maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais sula gcuirfidh an Coiste Speisialaithe tús leis an obair. Ag glacadh leis gur chuir an Coiste Speisialaithe tús lena chuid oibríochtaí le linn 2021, ní mór don Choiste Speisialaithe seo an réamh- mholadh sin, arna sholáthar ag na Páirtithe do na hOCTanna, a dheimhniú mar Mholadh do na Páirtithe.
- (4) Maidir le ríomh acmhainneachta agus an leithdháileadh le haghaidh creat ama lá roimh ré, iarradh sa réamh- mholadh ar OCTanna spriocshamhail lá roimh ré a ullmhú bunaithe ar an gcoincheap 'Cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin' i gcomhréir le hAirteagal 312(1), Airteagal 317(2) agus (3) agus Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.
- (5) Maidir le ríomh acmhainneachta agus an leithdháileadh le haghaidh creataí ama seachas an creat ama lá roimh ré, tugadh cuireadh leis an réamh- mholadh do OCTanna na bPáirtithe togra le haghaidh creat ama a ullmhú i gcomhpháirt chun na dréacht- nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt. Is pointe tagartha áisiúil é i gcónaí agus é mar threoir maidir le hobair bhreise ar na hábhair sin cé go dtugtar tosaíocht do thrádáil leictreachais ag an gcreat ama lá roimh ré.

- (6) Cé nár comhlíonadh an amlíne a leagtar amach in Iarscríbhinn 29 dá dtagraítear sa réamh- mholadh, ba cheart don Choiste Speisialaithe d’ainneoin sin a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 312(1) agus Airteagal 317(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (7) Thug na hOCTanna agus údaráis rialála na bPáirtithe faoi obair cheana féin le tagairt don réamh- mholadh. I bhfianaise an dul chun cinn atá bainte amach go dtí seo ag na hOCTanna, tá breis faisnéise de dhíth maidir leis an measúnú costais is tairbhe agus tograí imlíne na nósanna imeachta teicniúla chun go mbeidh an Coiste Speisialaithe in ann a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 312(1) agus Airteagal 317(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.
- (8) Ba cheart, dá bhrí sin, do gach Páirtí iarraidh ar a OCTanna an fhaisnéis bhreise sin a sholáthar,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH,

- (1) An réamh- mholadh arna eisiúint an 22 Eanáir 2021 ag Ard- Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh agus ag Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe, faoi seach, do OCTanna de chuid an Aontais agus de chuid na Ríochta Aontaithe ag iarraidh orthu tús a chur le hullmhú nósanna imeachta teicniúla maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh sin, deimhnítear é leis seo mar Mholadh de chuid an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh do na Páirtithe.
- (2) Molann an Coiste Speisialaithe go n- iarrfaidh gach Páirtí ar a nOCTanna faoi seach an fhaisnéis bhreise mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Moladh seo a sholáthar laistigh de 5 mhí ó dháta na hiarrata a dhéanfaidh gach Páirtí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain, [dáta]

Thar ceann an Choiste Speisialaithe

Na Comhchathaoirligh

F. ERMACORA

P. KOVACS

M. SKRINAR